Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**7919/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0087(NLE)**

**PROBA 9**
**AGRI 140**
**WTO 30**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 167 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán i dtaca le síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 167 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 167 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.4.2025
COM(2025) 167 final

2025/0087 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán i dtaca le síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán (‘CIG’) i dtaca leis an síneadh leis an g**Coinbhinsiún Trádála Gráin, 1995** go dtí an 30 Meitheamh 2027, síneadh atá beartaithe a ghlacadh.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún Trádála Gráin, 1995

Tá sé d’aidhm ag an gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995 (‘an Coinbhinsiún’) comhar idirnáisiúnta i dtaobh gach gné den trádáil i ngráin a chur chun cinn, méadú ar thrádáil idirnáisiúnta i ngráin a chur chun cinn, agus an sreabhadh is saoire is féidir den trádáil sin a áirithiú. Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag an gCoinbhinsiún cur le cobhsaíocht mhargaí idirnáisiúnta an ghráin a mhéid is mó is féidir ar mhaithe le gach comhalta, feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair dhomhanda bia, agus fóram a sholáthar chun faisnéis a mhalartú agus chun ábhair imní na gcomhaltaí maidir le trádáil i ngráin a phlé.

Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 1 Iúil 1995.

Tá an tAontas Eorpach ina pháirtí sa Choinbhinsiún[3].

### 2.2. An Chomhairle Idirnáisiúnta Grán

Eagraíocht idir-rialtasach is ea CIG a fhéachann leis na cuspóirí a leagtar síos le hAirteagal 1 den Choinbhinsiún a chomhlíonadh. Tá sé d’aidhm ag CIG, go háirithe:

- comhar idirnáisiúnta i ngach gné den trádáil i ngráin a chur chun cinn;
- leathnú, oscailteacht agus cothroime na trádála idirnáisiúnta in earnáil an ghráin a chur chun cinn;
- cur le cobhsaíocht mhargadh idirnáisiúnta an ghráin, feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair dhomhanda bia, agus cur le forbairt tíortha a mbraitheann a ngeilleagair ar dhíolachán tráchtála gráin.

Féachtar leis na cuspóirí sin a bhaint amach trí fheabhas a chur ar thrédhearcacht an mhargaidh, agus é sin a dhéanamh trí fhaisnéis a roinnt agus anailís agus comhairliúchán a dhéanamh maidir le forbairtí margaidh agus beartas.

Tá 30 comhalta ag CIG, ina measc cuid mhór de na táirgeoirí agus na hallmhaireoirí grán is mó ar domhan. Le cois an Aontais Eorpaigh, is iad a chuid comhaltaí an Airgintín, an Astráil, Ceanada, an India, an Ríocht Aontaithe, an Rúis, an tSeapáin, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Úcráin, i measc comhaltaí eile. Ní comhaltaí iad an tSín ná an Bhrasaíl, áfach.

Tá 2 000 vóta san iomlán ag an 30 comhalta de CIG.

I dtaca le nósanna imeachta buiséadacha (féach Airteagal 11 den Choinbhinsiún), i.e. chun ranníocaíochtaí bliantúla airgeadais na gcomhaltaí a shocrú, tá 375 vóta ag an Aontas in 2024/25[4].

I dtaca leis an gcinnteoireacht, i.e. i gcás ina gcuirtear rudaí chun vóta (féach Airteagal 12 den Choinbhinsiún), dáiltear 1 000 vóta le haghaidh an 11 chomhalta is onnmhaireoir (lena n-áirítear an tAontas a ndáiltear 240 vóta lena haghaidh) agus 1 000 vóta le haghaidh na 19

gcomhalta is allmhaireoir. Ní mór a chur i dtábhacht go bhfeidhmíonn CIG, i bprionsabal, ar bhonn an chomhdhearcaidh agus gur annamh a chuirtear rudaí chun vóta iarbhír.

Ag cruinnithe den Chomhairle Idirnáisiúnta Grán, is é an Coimisiún Eorpach a dhéanann ionadaíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh. Féadfaidh na Ballstáit freastal ar chruinnithe den CIG, go háirithe ar Sheisiúin den Chomhairle.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ón gComhairle Idirnáisiúnta Grán

An 12 Meitheamh 2025, le linn an 62ú Seisiún de CIG, glacfaidh sé cinneadh maidir le síneadh 2 bhliain a chur leis an gCoinbhinsiún ('an gníomh atá beartaithe').

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe, atá bunaithe ar Airteagal 33 den Choinbhinsiún, é a chur ar a chumas do CIG leanúint dá chuid oibre.

Le síneadh an Choinbhinsiúin, cumhdófar an tréimhse 1 Iúil 2025 – 30 Meitheamh 2027.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

- Thug an tAontas Eorpach an Coinbhinsiún i gcrích le Cinneadh 96/88/CE ón gComhairle[5] go dtí an 30 Meitheamh 1998, agus ón tráth sin, cuireadh síneadh leis go tráthrialta. Gach uair, cuirtear síneadh leis an gCoinbhinsiún ar feadh na tréimhse is faide is féidir mar atá 2 bhliain i gcomhréir le hAirteagal 33 den Choinbhinsiún. Cuireadh síneadh leis go deireanach le cinneadh ó CIG an 14 Meitheamh 2023 agus beidh sé i bhfeidhm go dtí an 30 Meitheamh 2025.
- Bhí an tAontas Eorpach i gcónaí ina chomhalta gníomhach de CIG agus is chun leas an Aontais é síneadh suas le 2 bhliain eile a chur leis an gCoinbhinsiún. Táirgeoir mór gránach is ea an tAontas agus é ar cheann de na honnmhaireoirí is mó cruithneachta agus eorna é, agus is é an t-allmhaireoir is mó arbhair Indiaigh é freisin.
- Is é is cuspóir don togra seo údarú na Comhairle a lorg don Choimisiún chun vóta a chaitheamh in CIG, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i bhfabhar síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún go dtí an 30 Meitheamh 2027. Tá sé beartaithe go ndéanfar an cinneadh foirmiúil maidir le síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún le linn an 62ú Seisiún de CIG a thionólfar an 12 Meitheamh 2025.

## 4. Bunús dlí

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta

lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'.[6]

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é CIG a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995.

Is é an éifeacht atá ag an ngníomh atá beartaithe ag CIG síneadh a chur le bailíocht an Choinbhinsiúin, ar comhaontú idirnáisiúnta é atá ina cheangal ar an Aontas. Dá bhrí sin, tá éifeachtaí dlíthiúla ag an ngníomh atá beartaithe.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is le trádáil i dtáirgí talmhaíochta a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. COMHLÍONADH AN PHRIONSABAIL 'DIGITEACH MAR RÉAMHSHOCRÚ'

De réir an mheasúnaithe dhigitigh a rinneadh, níl aon ghné dhigiteach ag baint leis an togra seo toisc nach bhfuil aon ábharthacht dhigiteach ann.

Bunaítear leis an togra seasamh an Aontais maidir le síneadh 2 bhliain a chur le comhaontú idirnáisiúnta, an Coinbhinsiún Trádála Gráin, 1995, go dtí an 30 Meitheamh 2027.

Níl modhanna digiteacha ná malartú sonraí faoi raon feidhme an togra.

## 6. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go gcuirfidh an gníomh ó CIG síneadh le fad an Choinbhinsiúin, foilseofar é ar shuíomh gréasáin oifigiúil CIG.

2025/0087 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán i dtaca le síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Coinbhinsiún Trádála Gráin, 1995 (‘an Coinbhinsiún’) i gcrích le Cinneadh 96/88/CE ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 1995. Tugadh an Coinbhinsiún i gcrích le haghaidh tréimhse 3 bliana[2].

(2) De bhun Airteagal 33 den Choinbhinsiún, féadfaidh an Chomhairle Idirnáisiúnta Grán síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún le haghaidh tréimhsí comhleanúnacha nach rachaidh thar 2 bhliain gach uair. Ó tugadh an Coinbhinsiún i gcrích, cuireadh síneadh leis go tráthrialta le haghaidh tréimhsí breise 2 bhliain. Cuireadh síneadh leis an gCoinbhinsiún go deireanach le cinneadh ón gComhairle Idirnáisiúnta Grán an 14 Meitheamh 2023[2] agus beidh sé i bhfeidhm go dtí an 30 Meitheamh 2025.

(3) Le linn an 62ú seisiún a bheidh ag an gComhairle Idirnáisiúnta Grán an 12 Meitheamh 2025, tá sí le cinneadh a ghlacadh maidir le síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún go ceann tréimhse bhreise suas le 2 bhliain, ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2027.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, le linn an 62ú seisiún den Chomhairle Idirnáisiúnta Grán i dtaca le síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún, a leagan síos.

(5) Táirgeoir mór gránach is ea an tAontas mar aon le bheith ar cheann de na honnmhaireoirí is mó cruithneachta agus eorna, agus tá sé ar cheann de na hallmhaireoirí is mó arbhair Indiaigh freisin. Bhí an tAontas i gcónaí ina chomhalta

---

1 Cinneadh 96/88/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 1995 lenar fhormheas an Comhphobal Eorpach an Coinbhinsiún Trádála Gráin agus an Coinbhinsiún um Chúnamh Bia, lenar bunaíodh an Comhaontú Idirnáisiúnta Grán, 1995 (IO L 21, 27.1.1996, lch. 47).

2 Cinneadh (AE) 2023/991 ón gComhairle an 15 Bealtaine 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán maidir le síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995 (IO L 135, 23.5.2023, lch. 114, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/991/oj).

3 IO L 21, 27.1.1996, lch. 47.

4 Feidhmíonn an Chomhairle Idirnáisiúnta Grán ar bhonn na bliana airgeadais, bliain a théann ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh.

5 IO L 21, 27.1.1996, lch. 47.

6 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU: C:2014:2258, míreanna 63 agus 64.

gníomhach den Chomhairle Idirnáisiúnta Grán, a bhfuil ról tábhachtach aici maidir le margaí domhanda gráin a chobhsú agus feabhas a chur ar an tslándáil bia. Dá bhrí sin, is chun leas an Aontais é síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Vótáil i bhfabhar síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995, go ceann tréimhse bhreise suas le 2 bhliain ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2027, is é sin an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 62ú seisiún den Chomhairle Idirnáisiúnta Grán.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# RÁITEAS AIRGEADAIS

FinancSt/10/PS/nd/Ares(2025)1094676

6.221.2025.1

DÁTA: 24.2.2025

| | | |
|---|---|---|
| 1. | CEANNTEIDEAL BUISÉID:<br>14 20 03 06 Eagraíochtaí agus Comhaontuithe Idirnáisiúnta | LEITHREASUITHE:<br>B2025 5 277 000 EUR |
| 2. | TEIDEAL:<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán i dtaca le síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995 | |
| 3. | BUNÚS DLÍ: Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE. | |
| 4. | AIDHMEANNA:<br>Síneadh 2 bhliain eile (1.7.2025 go 30.6.2027) a chur leis an gCoinbhinsiún Trádála Gráin atá ann faoi láthair. | |

| | | TRÉIMHSE 12 MHÍ<br><br>(EUR milliún) | BLIAIN AIRGEADAIS REATHA 2025<br>(EUR milliún) | AN CHÉAD BHLIAIN AIRGEADAIS EILE DB2026<br>(EUR milliún) |
|---|---|---|---|---|
| 5. | IMPLEACHTAÍ AIRGEADAIS | | | |
| 5.0 | CAITEACHAS<br>- ARNA MHUIREARÚ AR BHUISÉAD AN AONTAIS (AISÍOCAÍOCHTAÍ/IDIRGHABHÁLACHA)<br>- ÚDARÁIS NÁISIÚNTA<br>- EILE | | 4,2 | 4,45 |
| 5.1 | IONCAM<br>- ACMHAINNÍ DÍLSE AN AONTAIS (TOBHAIGH/DLEACHTANNA CUSTAIM)<br>- NÁISIÚNTA | | | |
| | | 2025 | | |
| 5.0.1<br>5.1.1 | CAITEACHAS MEASTA<br>IONCAM MEASTA | - | | |

| | | |
|---|---|---|
| 5.2 | MODH RÍOMHA: Bunaithe ar thoimhdí ar líon measta vótaí an Aontais (líon a athraíonn gach bliain), ar mhéid measta atá le híoc in aghaidh an vóta in GBP. | |
| 6.0 | AN FÉIDIR AN TIONSCADAL A MHAOINIÚ Ó LEITHREASUITHE A CUIREADH ISTEACH SA CHAIBIDIL ÁBHARTHA DEN BHUISÉAD REATHA? | IS FÉIDIR |
| 6.1 | AN FÉIDIR AN TIONSCADAL A MHAOINIÚ TRÍ AISTRIÚ A DHÉANAMH IDIR CAIBIDLÍ AN BHUISÉID REATHA? | - |
| 6.2 | AN mBEIDH GÁ LE BUISÉAD FORLÍONTACH? | - |
| 6.3 | AN mBEIDH GÁ LE LEITHREASUITHE A CHUR ISTEACH I mBUISÉID AMACH ANSEO? | BEIDH |

BARÚLACHA:

Tá na méideanna i gcoibhneas le 2026 agus 2027 faoi réir infhaighteacht an Bhuiséid.

Is in GBP a íoctar ranníocaíocht bhliantúil an Aontais. Is féidir go bhfuil éagsúlacht sa mhéid atá le híoc iarbhír ag brath ar líon deiridh na vótaí a sanntar an tAontas orthu, ar an méid le híoc in aghaidh an vóta agus ar an ráta

malairte EUR/GBP.

Tá an seans ann go dtiocfaidh méadú measartha ar an méid le haghaidh 2025/26 agus 2026/27 má leanann an timpeallacht ardbhoilscithe ar aghaidh.